Agus é te teolaí istigh ina leaba ní ina chodladh a thiteann Niall ach a mhalairt ghlan. Tosaíonn an leaba ag bogadh, fásann sciatháin aisti agus tugtar Niall ar thuras draíochta faoi choim na hoíche go dtí Pláinéad na mBéar!

Tá an leabhar seo dírithe go speisialta orthu sin a bhfuil cumas léitheoireachta bainte amach acu agus atá ar thóir ábhair a léifidh siad as a stuaim féin.

ISBN 978-1-85791-413-9

An Leaba Sciathánach

Áine Ní Ghlinn

An Leaba Sciathánach

Áine Ní Ghlinn

'Oíche mhaith anois, a stóirín.'

'Oíche mhaith, a Mhamaí. Grá mór! Agus póg?'

Chrom Mamaí síos agus thug sí póigín do Niall.

'Agus Teidí?'

'Agus Teidí,' arsa Mamaí agus í ag gáire. Chrom sí síos arís agus leag sí póigín bheag ar chluas Theidí.

'Anois, a chroí, luigh síos. Codladh sámh!'

Mhúch Mamaí an solas agus amach léi. D'fhág sí an doras beagáinín beag ar oscailt ionas go mbeadh Niall ábalta an solas a fheiceáil ón halla.

Luigh Niall síos agus dhún sé a shúile. Chuala sé Mamaí ag siúl síos an staighre. Chuala sé doras na cistine á oscailt agus á dhúnadh arís.

'Oíche mhaith, a Theidí,' ar seisean. 'Codladh sámh!'

Go tobann, áfach, chuala Niall torann mór.

Fú...ú...iss... fú...ú...úiss.

Shuigh sé aniar sa leaba. Shuigh Teidí aniar freisin.

'Céard atá ar siúl?' arsa Niall. 'Céard é an torann sin?'

'Ná bí buartha,' arsa Teidí. 'Níl ann ach na sciatháin!'

'Sciatháin?' arsa Niall. 'Cé na sciatháin?'

'Féach amach ar clé ansin,' arsa Teidí.

D'fhéach Niall amach ar clé.

Chonaic sé sciathán mór ar thaobh na leapa.

Bhí cleití ollmhóra ann.

'Ó, a thiarcais,' arsa Niall. 'Ní fhaca mé a leithéid riamh i mo shaol.'

'Sea,' arsa Teidí, 'agus tá ceann eile ar dheis. Féach!'

D'fhéach Niall ar an sciathán eile. Sciathán ar clé agus sciathán eile ar dheis!

Bhí ionadh an domhain air.

'Sciatháin ar mo leaba?' ar seisean.

'Ach cad as ar tháinig siad? Agus cén fáth a bhfuil sciatháin ar mo leaba?'

'Ná bíodh aon eagla ort,' arsa Teidí. 'Tabharfaidh mise aire duit!'

'Aire?' arsa Niall. 'Cén fáth a mbeadh aire uaim?'

'Bhuel,' arsa Teidí, 'is leaba dhraíochta í seo. Leaba sciathánach.

Agus anocht táimid chun dul ar thuras beag… Mise agus tusa sa leaba sciathánach!'

'Draíocht? Sciatháin? Turas sa leaba i lár na hoíche? An bhfuil tú cinnte nach bhfuilim ag brionglóideach?'

'Níl am againn do cheisteanna anois,' arsa Teidí. 'Tá sé in am dúinn bóthar na spéire a bhualadh! Mura ndéanaimid deifir beimid déanach!'

'Déanach?' arsa Niall. 'Cá bhfuilimid ag dul?'

Níor thug Teidí aon fhreagra air ach rinne sé meangadh beag gáire.

'Seo! Cuir ort iad seo!'

Shín sé clogad agus péire spléaclaí cosanta chuig Niall. Chuir sé spéaclaí agus clogad air féin freisin. Cheangail sé scaif timpeall ar a mhuineál. Thug sé scaif eile do Niall.

'Cuir ort é seo,' ar seisean. 'B'fhéidir go mbeidh sé fuar amuigh!'

'Ach cá bhfuil ár dtriall?' arsa Niall. 'Céard atá ar siúl agus cá bhfuilimid ag dul?'

'Bíodh foighne agat,' arsa Teidí. 'Tuigfidh tú gach rud ar ball.'

'Ach ba mhaith liomsa é a thuiscint anois!' arsa Niall.

'Féach!' arsa Teidí. 'Nach minic a théimse ar turas leatsa?'

'Cinnte,' arsa Niall. 'Ní théim áit ar bith gan tusa a bhreith liom – seachas nuair a bhím ag dul ar scoil ar ndóigh!'

'Agus an ndeir tú liom i gcónaí cá mbímid ag dul?'

'Bhuel… '

'Ach tugann tú aire mhaith dom, nach dtugann?'

'Cinnte! Tugaim togha na haire duitse i gcónaí!'

'Díreach é!' arsa Teidí.

'Agus tabharfaidh mise togha na haire duitse anocht! Anois an bhfuil do chlogad ort?'

'Tá!'

'Agus do scaif?'

'Tá an scaif orm freisin.'

'Ceangail an bhraillín seo thart timpeall ort féin mar sin. Anois, ar aghaidh linn!'

Cheangail Niall an bhraillín timpeall air féin mar a bheadh crios ann.

Chuir sé a dhá lámh timpeall ar choim Theidí.

Chuala sé torann mór... mar a bheadh inneall faoin leaba.

B...rrrr....mmm... Brrrrmmmmm...

Thosaigh an dá sciathán ag luascadh.

Fú...ú...iss ... Fú...iss.

Go tobann d'éirigh an leaba suas san aer.

Thosaigh sí ag eitilt mar a bheadh éan mór ann.

Fú...iss...

Amach léi tríd an bhfuinneog.

Fú…ú…iss…

Suas léi os cionn na gcrann sa ghairdín.

Suas léi in airde sa spéir.

Chonaic Niall barr na gcrann thíos faoi. Chonaic sé an teach agus an simléar.

Chonaic sé na tithe eile ar an tsráid. Suas leo níos airde fós.

Chonaic sé scamall beag bán díreach in aice leis. Shín sé amach a lámh chun breith air.

'Seachain!' arsa Teidí. 'Bí cúramach nó titfidh tú amach as an leaba!'

Tharraing Niall a lámh isteach arís.

D'fhéach sé timpeall. Bhí an spéir breac le réaltaí beaga geala. Bhí siad ag lonrú agus ag glioscarnach.

Bhí siad díreach cosúil le soilse na Nollag.

I bhfad uaidh chonaic Niall an ghealach. Ach go tobann thug sé faoi deara go raibh Teidí ag iarraidh an leaba a stiúradh isteach ar phláinéad buí.

'An anseo atáimid ag stopadh?' ar seisean.

'Is ea, cinnte,' arsa Teidí. 'Coinnigh do ghreim orm agus mé ag iarraidh an leaba a stiúradh isteach anseo. Coinnigh do ghreim anois!'

Clunc!

Stop an leaba!

'Oscail do chrios anois agus amach linn. Tá súil agam go bhfuil do phitseámaí galánta ort anocht!'

'Tá. Seo na cinn a cheannaigh Daidí dom do mo bhreithlá! Cén fáth?'

'Bhuel,' arsa Teidí, 'is féidir liom a rá leat anois cá bhuilimid agus cén fáth a bhfuilimid anseo!'

'Abair leat!' arsa Niall.

'Bhuel! Seo Pláinéad na mBéar!'

'Pláinéad na mBéar? Ní raibh a fhios agam go raibh a leithéid ann!'

'Tá, cinnte. Ach go dtí anocht ní bhfuair aon DUINE cuireadh teacht anseo riamh. Tusa an chéad duine riamh ar Phláinéad na mBéar.'

'Ó, a thiarcais!' arsa Niall. 'Is mór an onóir domsa a bheith anseo mar sin. Ach cén fáth a bhfuair mise an cuireadh sin!'

'Bhuel,' arsa Teidí, 'tá a fhios agat an chaoi a mbíonn cóisir agatsa ar do bhreithlá?'

'Tá,' arsa Niall.

'Agus bímse i láthair ag an gcóisir de ghnáth?'

'Cinnte,' arsa Niall. 'Is tú mo bhéar-sa! Mo bhéar speisialta!'

'Bhuel,' arsa Teidí, 'inniu mo bhreithlá, tá mo chóisir ar siúl anocht agus is tusa mo dhuine-se! Mo dhuine speisialta. Seo! Beir greim láimhe orm agus amach linn as an leaba seo.'

Shín Teidí amach a lámh. Rug Niall uirthi. Amach leo as an leaba.

Thosaigh siad ag siúl. Bhí sceitimíní áthais ar Niall agus é ag breathnú thart ar gach rud.

Isteach leo i gcoill mhór.

Bhí crainn mhóra arda ann.

Chuala sé ceol aisteach sna crainn.

'Cén ceol é sin?' ar seisean.

'Sin iad na beacha,' arsa Teidí.

'Beacha?' arsa Niall. 'Cén fáth a mbeadh beacha uaibh ar Phláinéad na mBéar?'

Thosaigh Teidí ag gáire.

'Beacha meala atá iontu,' ar seisean. 'Is breá le gach béar mil. Táimid an-mhór leis na beacha sin.'

Níorbh fhada gur tháinig siad go dtí caisleán mór.

'Seo é anois,' arsa Teidí. 'Seo an áit ina mbeidh an chóisir.'

Isteach leo. Bhí Niall beagáinín beag neirbhíseach. Choinnigh sé greim daingean ar lámh Theidí.

Isteach leo i halla mór. Bhí an áit plódaithe le béir de gach cineál.

Bhí béir mhóra ann. Bhí béir bheaga ann. Béir thanaí. Béir ramhra.

Bhí cuid acu donn agus cuid acu buí. Bhí cuid acu dearg agus cuid acu glas.

Bhí cuid acu óg agus cuid acu sean.

D'aithin Niall cuid acu. Ba lena chara Dónall an béirín buí agus na súile cnaipí aige. Ba lena dheartháir féin an béirín dubh a raibh an tsrón bheag bhuí air. 'Sróinín' an t-ainm a bhí air.

D'aithin sé go leor béar eile freisin. Bhí Barraí Béar, béar a dheirfiúirín Aisling, ann. Bhí Boilgín ann. Ba lena chara Séamas é siúd. Chaoch cuid de na béir súil air. Rinne cúpla ceann acu meangadh beag gáire leis.

Chonaic sé béar mór amháin a raibh paiste dubh thar shúil amháin aige. Bhí coróin ar a cheann.

An nóiméad a shiúil Niall agus Teidí isteach sa halla thosaigh na béir go léir ag béicíl is ag screadaíl.

'Trí gháir mholta do Theidí.
Hip! Hip! Huiré! Hip! Hip! Huiré!
Hip! Hip! Huiré!'

Ansin labhair an béar a raibh an paiste dubh ar a shúil.

'Fáilte romhat abhaile, a Theidí,' ar seisean. 'Agus fáilte an-speisialta roimh do pheata duine. Trí gháir mholta eile do Niall.'

Thosaigh siad go léir ag béicíl is ag screadaíl arís.

Ansin tháinig an béar a raibh an paiste dubh ar a shúil anall chuig Niall agus Teidí. Rug sé barróg mhór ar Theidí agus chroith sé lámh le Niall.

'Is mise Paiste,' ar seisean. 'Is mise Rí na mBéar agus cuirim fáilte romhat chuig cóisir Theidí agus chuig Pláinéad na mBéar. Is tusa an chéad duine riamh ar an bpláinéad seo. Tá súil agam go mbainfidh tú an-taitneamh as an gcóisir.'

'Tá mé cinnte go mbainfidh,' arsa Niall. 'Ach cén fáth a bhfuair mise cuireadh anseo?'

'Bhuel,' arsa an Rí Paiste, 'thugamar faoi deara gur duine an-speisialta tusa agus go dtugann tú aire an-speisialta do Theidí. Agus nuair a chuireamar ceist ar Theidí cén bronntanas ba mhaith leis dá bhreithlá dúirt sé gurb é an t-aon bhronntanas a bhí uaidh ná tusa a bheith in éineacht leis ag an gcóisir.'

D'fhéach Niall ar Theidí.

'Go raibh míle maith agat,' ar seisean.

Rinne Teidí meangadh gáire agus chaoch sé súil ar Niall.

Ní raibh am ag Niall a thuilleadh a rá mar díreach ag an bpointe sin is ea a thosaigh an ceol agus na cluichí.

D'imir siad Rince na nDealbh ar dtús. Bhí cúpla béar a bhí go hiontach ar fad ag an gcluiche seo. Ba é Teidí a bhuaigh, áfach. Pota beag meala a bhí mar dhuais aige agus nach é a bhí sásta.

Ansin, d'imir siad Cuir Thart an Beart. Scaif bhuí an duais a bhí ann an uair seo. Bhuaigh Paiste é.

'Go hálainn,' ar seisean. Ansin tháinig sé anall chuig Teidí. Cheangail sé an scaif timpeall ar a mhuineál.

'Bronntanas lá breithe uaimse,' a dúirt sé.

D'imir siad go leor cluichí eile. Ba é Folach Bíog an ceann ba dheacra ag Niall. Ní raibh aon chur amach aige ar an gcaisleán ná ar an bpláinéad. Thug Teidí aire mhaith dó, áfach. Chuaigh siad i bhfolach faoi chrann mór craobhach. Bhí siad ann ar feadh i bhfad sular aimsigh béirín beag glas iad.

'Cluiche amháin eile anois,' arsa Paiste. 'Cuir Hata ar an Duine!'

Chroch sé pictiúr in airde ar an mballa. Duine a bhí ann, buachaill óg agus gruaig fhionn air.

'Caithfidh tú do shúile a dhúnadh anois,' arsa an Rí Paiste le Niall. 'Ansin déanfaidh mise tú a chasadh thart faoi dhó agus caithfidh tú an hata seo a chur ar a chloigeann!'

Thug sé an hata do Niall. Dhún Niall a shúile. Rinne Paiste agus Teidí é a chasadh thart.

'Anois,' arsa Teidí 'coinnigh do shúile dúnta agus cuir an hata air!'

Rinne Niall a dhícheall. Bhí sé cinnte go raibh an hata ar cheann an bhuachalla.

Ansin, chuala sé na béir ag gáire.

'Bualadh bos do Niall,' arsa Paiste. 'Oscail do shúile anois!'

D'oscail Niall a shúile arís. D'fhéach sé ar an bpictiúr agus thosaigh seisean ag gáire freisin. Ar a bholg a bhí an hata!

Rinne cúpla béar iarracht ansin ach níor éirigh go ró-mhaith leo siúd ach an oiread.

Tar éis tamaillín thosaigh Paiste ag caint arís.

'Anois,' ar seisean, 'tá an chóisir beagnach thart. Tá sé in am don chíste.'

Múchadh na soilse. Tháinig dhá bhéar isteach agus císte ollmhór á iompar acu. Císte seacláide a bhí ann agus a lán coinnle ar lasadh air.

'Lá breithe sona dhuit,' arsa na béir go léir agus thosaigh siad ag canadh.

'Lá breithe sona dhuit.
Lá breithe sona dhuit.
Lá breithe sona dhuit, a Theidí,
a stór.'

Ansin, thug siad bualadh bos mór do Theidí.

'Cabhraigh liom!' arsa Teidí le Niall. 'Caithfimid na coinnle seo go léir a mhúchadh le chéile.'

Thosaigh Niall agus Teidí ag séideadh agus ag séideadh. Bhí na béir go léir ag béicíl agus ag screadaíl agus ag bualadh bos. Níorbh fhada go raibh na coinnle go léir múchta.

Ansin rinne béar ard dubh an císte a ghearradh.

Bhí ocras an domhain ar Niall. D'ith sé trí phíosa den chíste.

Bhí na béir go léir ag ól meala as gloiní beaga ildaite.

Thug siad deoch oráiste do Niall.

'Anois,' arsa Paiste, 'caithfidh Niall dul abhaile le Teidí. Ní fada go mbeidh an ghrian ag éirí.'

Agus iad ag fágáil an chaisleáin thug gach béar bualadh bos do Theidí agus dá chara Niall. Bhí Niall an-sásta.

'Go raibh míle maith agaibh,' ar seisean. 'Slán!'

D'oscail sé a bhéal arís. Ach cé a chreidfeadh é dá n-inseodh sé an fhírinne?

'Sea, a stór?' arsa Mam arís.

'Faic!' arsa Niall. 'Éireoidh mé anois.'